# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2021

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Bitheolaíocht

## Ardleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá

Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí iarrthóirí. Treoir achomair chruinnbheacht atá inti agus í curtha le chéile d'fhonn a laghad focal agus is féidir a úsáid. Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime seo. Tá focail, téarmaí agus nathanna buntábhachta luaite sa scéim ar féidir marcanna a bhronnadh ar an iarrthóir ina leith. Ní fhágann sin nach bhfuil glacadh le focail ná téarmaí ná nathanna comhchiallacha lena gcuirtear in iúl an rud céanna le freagra na scéime. Cé go bhfuil glacadh go ginearálta le focail chomhchiallacha, tharlódh cásanna a bheith ann ina n-éileofaí téarma cruinnbheacht eolaíochta nó freagairt aonchiallach faoin scéim agus nach mbeadh glacadh sa chás sin le roghanna eile. Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile. Sa chás go dtagann sé chun aire an scrúdaitheora go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir agus gan aon soláthar déanta sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir ar an gcéad dul síos dul i gcomhairle leis an scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna. Go ginearálta, más ann d'amhras faoi aon fhreagra, ba cheart do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

## Conas an scéim mharcála a úsáid

- Sa chás nach dteastaíonn ach freagra amháin déantar freagraí malartacha a dheighilt le '**nó**'.
- Sa chás go dteastaíonn ilfhreagraí, cuirtear soladas ( / ) idir focal, téarma nó nath a dtugtar marcanna ina leith agus an chéad fhocal, téarma nó nath eile.
- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra faoi **chló trom** anonn ón bhfreagra, m.sh. **3**.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra idir lúibíní, m.sh. ciallaíonn **5(4)** go bhfuil cúig chuid ag baint leis an bhfreagra agus go gcuirtear **4 mharc** i leith gach cinn acu sin.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; m.sh. d'fhéadfadh sé fhochuid a bheith ag baint le ceist – (a), (b), (c), (d), (e), (f) – agus **20 marc** san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: **2(4) + 4(3).** Ciallaíonn sin go mbronntar **4 mharc** an ceann i leith an chéad dá fhreagra chearta agus gur **3 mharc** an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
- An focal nó téarma a luaitear idir lúibíní ( ), ní gá go mbeadh sé sa fhreagra, is ar mhaithe le comhthéacs an fhreagra a thabhairt a luaitear é nó d'fhéadfadh sé bheith mar fhreagra malartach.

## Roinnt samplaí den phróiseas marcála

1. **Ní féidir marcanna a bhronnadh i ndáil le focail ná le nathanna buntábhachta, ach amháin sa chás go gcuirtear i láthair iad sa chomhthéacs ceart.**

| | |
|---|---|
| **Ceist shamplach:** | *Tabhair breac-chuntas achomair ar conas a dhéanann an t-uisce a bhealach ón ithir chuig an duille.* |
| **Scéim mharcála:** | Grádán tiúchana / osmóis / fréamhribe / fréamhbhrú / ó chill go cill / xiléim / trasghalú nó galú / comhghreamú (nó míniú) / nó greamú (nó ribeadas nó míniú) nó teannas (nó míniú) |
| | ***Sé cinn ar bith*** **6(3)** |
| **Freagra samplach:** | *Tarraingítear uisce suas an xiléim trí osmóis.* |

Cé go bhfuil dhá théarma buntábhachta (xiléim, osmóis) tugtha ag an iarrthóir, tá an ráiteas mícheart agus ní féidir a bhronnadh ar an iarrthóir ach **trí mharc** i ndáil le tagairt do ghluaiseacht an uisce tríd an xiléim.

2. **Freagraí ar Ceal**

*Sliocht é seo a leanas as* **S.63o** *Treoracha do Scrúdaitheoirí, 2021 (d'ábhair atá á marcáil ar líne)* (cuid 5.4, lch.19):

> *"Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist aon uair amháin agus go gcuireann an t- iarrthóir an freagra ar ceal, ba chóir duit neamhaird a dhéanamh den chur ar ceal agus plé leis an bhfreagra ar nós nár chuir an t-iarrthóir ar ceal é."*

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist shamplach:** | *Cad is pailniú ann?* | |
| **Scéim mharcála:** | Aistriú pailine / ón antar / go dtí an stiogma. | **3(3)** |
| **Freagra samplach:** | ~~*Aistriú pailine ón antar go dtí an stiogma.*~~ | |

Tá an freagra curtha ar ceal ag an iarrthóir agus níor thug an t-iarrthóir iarracht eile an cheist a fhreagairt agus is féidir **2(3)** mharc a bhronnadh.

Má chuirtear freagra ar ceal agus má thugtar leagan eile, ba chóir glacadh leis an gcur ar ceal agus marcanna a bhronnadh, sa chás go dtuilltear amhlaidh, ar an leagan neamhchealaithe amháin.

Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe (nó níos mó) de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, ba chóir an dá leagan (nó iad ar fad) a mharcáil agus glacadh leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir, mar sin féin, pointí ó chúpla leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

3. **Freagraí Farasbairr: [Ach amháin i Roinn A] - Cuirtear ar ceal na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | **Ceist shamplach 1:** | *Tá ballaí soithigh xiléime treisithe le…………* | |
| | **Scéim mharcála:** | Lignin | **4 mharc** |
| | **Freagra samplach:** | *Citin, lignin* | |

Tá freagra farasbairr tugtha agus é contráilte, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir **4 – 4 mharc = 0**.

**Freagra samplach:** *~~Lignin~~*

Tá an freagra, atá ceart, curtha ar ceal, ach níl aon fhreagra breise ná freagra farasbairr tugtha, dá réir sin is féidir **4 mharc** a bhronnadh ar an iarrthóir.

**Freagra samplach:** *Lignin, ~~citin~~*

Tá freagra farasbairr tugtha, agus é contráilte, ach tá an ceann sin curtha ar ceal agus mar gheall gur thug an t-iarrthóir breis agus freagra amháin (i.e. tá an t-iarrthóir ag freagairt na ceiste breis agus uair amháin), is féidir glacadh leis an gcur ar ceal agus is féidir **4 mharc** a bhronnadh air/uirthi.

(ii) **Ceist shamplach 2:** *Ainmnigh na ceithre dhúil a bhíonn i bpróitéin i gcónaí.*

**Scéim mharcála:** Carbón / hidrigin / ocsaigin / nítrigin **4(3)**

**Freagra samplach:** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, nítrigin, cailciam*

Tá freagra farasbairr ann, atá mícheart, a chuireann ar ceal ceann amháin de na freagraí cearta, dá réir sin bronntar **3(3)** mharc ar an iarrthóir.

**Freagra samplach:** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, cailciam*

Níl freagra farasbairr ann, is ann do thrí fhreagra chearta, dá réir sin bronntar **3(3)** mharc ar an iarrthóir.

**Freagra samplach:** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, cailciam, alúmanam*

Tá freagra farasbairr ann, atá mícheart, a chuireann ar ceal ceann amháin de na trí fhreagra chearta, dá réir sin bronntar **2(3)** mharc ar an iarrthóir.

**Freagra samplach:** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, cailciam, ~~alúmanam~~*

Tá freagra farasbairr ann, agus é contráilte, ach tá sé curtha ar ceal, dá réir sin bronntar **3(3)** mharc ar an iarrthóir.

I gcodanna eile den pháipéar, i Roinn B agus Roinn C, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina gcuirtear freagra ceart ar neamhní má thugtar freagra contráilte sa bhreis air. Tagann sin i gceist nuair is focal nó téarma sainiúil an t-aon fhreagra ceart ar féidir glacadh leis. Cuirtear gach cás den sórt sin in iúl sa scéim le réiltín *.

## Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

Rinne scrúdaitheoirí na scripteanna a mharcáil ag baint úsáid as ardán marcála ar líne. Léiríonn an tábla seo a leanas na nótaí mínithe (siombailí) a chuireann na scrúdaitheoirí i bhfeidhm agus iad ag marcáil na scripteanna. Mínítear brí agus úsáid gach ceann de na nótaí mínithe a chuirtear i bhfeidhm sa tábla freisin. Feicfear na nótaí seo ar script má bhreathnaítear orthu mar chuid den phróiseas achomhairc. Breathnófar ar nótaí mínithe a chuireann scrúdaitheoir i bhfeidhm i ndearg. Na scripteanna a bhí marcáilte ag scrúdaitheoirí comhairleacha freisin, taispeánfaidh siad nótaí mínithe i ndath glas.

| Nóta mínithe | Brí |
|---|---|
|  | Léiríonn an tsiombail seo freagra ceart. |
|  | Léiríonn an tsiombail seo freagra mícheart. |
|  | Freagra mícheart breise. Tá freagra ceart curtha ar ceal ag freagra mícheart breise. |
|  | Cuirtear an tsiombail seo ar gach leathanach bán nó ar chuid den leathanach chun a léiriú go bhfuil sé feicthe ag an scrúdaitheoir. |
|  | Is féidir leis an scrúdaitheoir an tsiombail seo a úsáid chun cuid de fhreagra ceiste a bhfuil tábhacht leis a léiriú. |
|  | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra ceart a léiriú ar lipéad ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2021: C14 (c) (iv); C15 (b) (i); C16 (b) (i) |
|  | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra mícheart a léiriú ar lipéad ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2021: C14 (c) (iv); C15 (b) (i); C16 (b) (i) |
|  | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra ceart a léiriú le haghaidh léaráide. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2021: C14 (c) (iv); C16 (b) (i) |
|  | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra mícheart a léiriú ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2021: C14 (c) (iv); C16 (b) (i) |

| **Roinn A** | **Na 4 fhreagra is fearr** | **80** |
|---|---|---|

**Ceist 1** **Na cúig fhreagra is fearr i measc (a) – (f)** **5(4)**

(a) *Sainaithin difear **amháin** idir saillte agus olaí ag teocht an tseomra:*
Is soladaigh iad saillte agus is leachtaigh iad olaí
(***Ceadaigh*** Tá saillte sáithithe agus tá olaí neamhsháithithe)

(b) *Sainaithin difear **amháin** idir tríghlicríd agus fosfailipid:*
Tá trí aigéad shailleacha ag tríghlicríd agus tá dhá aigéad shailleacha ag fosfailipíd
**nó**
Níl aon fosfáit ag tríghlicríd agus tá fosfáit ag fosfailipid

(c) *Sainaithin ról meitibileach **amháin** do lipidí i gcealla:*
(Foinse **nó** stór) fuinnimh

(d) *Ainmnigh vitimín **amháin** atá intuaslagtha i saill agus a bhíonn i mbia:*
A **nó** D **nó** E **nó** K

(e) *Ainm neamhord easnaimh **amháin**:*
***A:*** Daille oíche **nó** ***D:*** Raicíteas (nó oistéamalaice) **nó** ***E:*** Drochsheoladh néar-ríog
**nó** ***K:*** Neamhábaltacht fuil a téachtadh **nó** neamhord bailí eile vitimín sailltuaslagtha

(f) *Ainm eilimint **amháin** atá i láthair i salainn thuaslagtha:*
Sóidiam (Na) **nó** Cailciam (Ca) **nó** Maignéisiam (Mg) **nó** Clóirín (Cl) **nó** Potaisiam (K)

| C1 (a) - (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 4 | 8 | 12 | 16 | 20 | 20 |

**Ceist 2** **6(3) + 2**

(a) *Cén fáth a dteastaíonn nítrigin ó orgánaigh?*
Chun próitéin a dhéanamh (nó cineál próitéine ainmnithe) **nó** chun ADN (DNA) a dhéanamh (nó RNA nó aigéad núicléasach) a dhéanamh **nó** chun ATP a dhéanamh (nó ADP nó NAD(P))

(b) *Ainmnigh na próisis a tharlaíonn ag **A** agus **B**:*
***A:*** Fosú nítrigine
***B:*** Dínítriú

(c) *Ainmnigh an cineál baictéir atá i gceist i bpróiseas **C**:*
***C:*** (Baictéar) nítriúcháin (nó baictéir ainmnithe i gceart)

(d) ***Dhá*** *thoradh fhéideartha ón gcleachtais sin (leasacháin a chur i bhfeidhm):*
Níos mó nítriúcháin / níos mó nítrigine á hionsú ag plandaí / níos mó fáis sna plandaí / níos mó bia d'ainmhithe / níos mó dínítriúcháin / níos mó nítrigine atmaisféaraigh / truailliú uisce (nó eotrófú nó blás algach nó cur síos)/aon torthaí bailí eile ***Dhá cheann ar bith***

(e) *Ar an léaráid, cuir an litir **D** ar áit **amháin** ina bhfeidhmíonn dianscaoilteoirí:*
Ar shaighead amháin chun amóinia ithreach (ó ainmhithe nó ó phlandaí piseanna)

| C2 (a) – (e) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 3** **6(3) + 2**

(a) *Ainmnigh céim na miotóise a thaispeántar sa léaráid:*
Anapas

(b) *Cosain do fhreagra:*
Fearsaid (nó X) giorrú **nó** fearsaid ag crapadh **nó** crómasóim a tarraingíodh óna chéile **nó** crómasóim ag bogadh go dtí na pollaí

(c) *Sainaithin an chuid a bhfuil an lipéad **X** uirthi sa léaráid:*
Fearsaid

(d) *Mínigh an téarma dioplóideach:*
Dhá chóip de gach crómasóm (sa núicléas) crómasóim **nó** crómasóim i mbeirteanna **nó** dhá shraith de chrómasóim

(e) *Luaigh uimhir dhioplóideach na cille ina bhfuil an núicléas seo:*
Ceithre

(f) *Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** atá ag an miotóis sa duine:*
Fás **nó** fíochán deisiúcháin **nó** le cur in ionad fíochán (cealla)

(g) *Tabhair sampla **amháin** de chill dhaonna nach dtáirgtear tríd an miotóis:*
Speirm **nó** ubh **nó** gaiméit **nó** gnéaschill

| C3 (a) – (g) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 4** **6(3) + 2**

(a) *Sainaithin cad dó a seasann gach ceann de na lipéid **A** agus **B**:*
***A:*** Substráit
***B:*** Coimpléasc einsímshubstráite

(b) *Cén teoiric a léirítear sa léaráid?*
(Teoiric) mhúnlú aslaithe **nó** láthair ghníomhach (***Glac le*** 'glas agus eochair')

(c) *Cén cineál imoibrithe mheitibiligh a léirítear sa léaráid?*
Catabalach

(d) *Cosain an freagra a thug tú i gcuid (c) thuas:*
Substráit (nó móilín nó A) arna mhiondealú

(e) *Cad is brí le sainiúlacht maidir le heinsímí?*
Ní ghníomhaíonn sé ach ar shubstráit (cineál) amháin

(f) *Sainaithin an orgánaid cille ina dtáirgtear einsímí:*
Ribeasóm

| C4 (a) – (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 5** **6(3) + 2**

(a) *Ainmnigh an rud a tharlaíonn sa léaráid ag **A**:*

***A:*** Ubhsceitheadh

(b) *Sainaithin an hormón is cúis le tarlú an ruda d'ainmnigh tú i gcuid (a) thuas:*

(Hormón) lúitéinitheach **nó** LH

(c) *Sainaithin na céimeanna atá lipéadaithe **B** agus **C**:*

***B:*** Moral

***C:*** Blastaicist

(d) *Cén rud a léirítear le **D**?*

ionphlandú (nó cur síos air)

(e) *Ainmnigh an **dá** fhíochán a bhíonn páirteach i gcruthú na placainte:*

*Fíochán 1:* Inmheitriam **nó** líneáil útarach **nó** líneáil útarais

*Fíochán 2:* Suthach **nó** suth (fíochán) (***Glac le*** cóiríneach nó trófablastach)

| C5 (a) – (e) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 6** **6(3) + 2**

*Inis an bhfuil na ráitis fíor nó bréagach:*

| | | *Fíor* | *Bréagach* |
|---|---|---|---|
| (a) | *Táltar aidréanailín san fhuil nuair a bhíonn duine faoi bhagairt.* | ✓ | |
| (b) | *Is táirgeoirí iad plandaí; ach fós bíonn miteacoindrí ag teastáil uathu.* | ✓ | |
| (c) | *Iompraítear tarchuradóirí néarógacha san fhuil.* | | ✓ |
| (d) | *Is fréamh é práta atá modhnaithe chun bia a stóráil.* | | ✓ |
| (e) | *Baineann an saothrúchán fíocháin le cealla a fhás ar mheán saorga.* | ✓ | |
| (f) | *Tá ceithre chnámh sa chluas láir.* | | ✓ |
| (g) | *Bíonn plandaí monacotailéadónacha luibheach nach mór i gcónaí.* | ✓ | |

| C6 (a) – (g) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 7** **10(2)**

*Déan idirdhealú idir na péirí téarmaí seo a leanas:*

(a) *Carpasach:* Cnámha sa rosta

*Tarsach:* Cnámha sa rúitín nó sa tsáil

(b) *Teannán:* Nascann sé matán le cnámh

*Ballnasc:* Nascann cnámh le cnámh

(c) *Bícéips:* Crapann (matán) chun lámh (sciathán) a lúbadh **nó** (matán) chun tosaigh ar an húiméireas (an lámh uachtarach)

*Trícéips:* Crapann (matán) chun lámh (sciathán) a dhíriú **nó** (matán) ar chúl an húiméiris (an lámh uachtarach)

(d) *Oistéablast:* (Cill a) thógann cnámh

*Oistéaclast:* (Cill a) bhriseann anuas cnámh

(e) *Cnámharlach aiseach:* Blaosc agus veirteabraí (nó dromlach nó cnámh droma)

*Cnámharlach aipindiceach:* Géaga (nó lámha/sciatháin agus cosa) **nó** crios brollaigh (nó guaillí) agus crios peilbheach (nó cromáin)

| C7 (a) – (e) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 2 | 4 | 6 | 8 | 10 | 12 | 14 | 16 | 18 | 20 |

| **Roinn B** | **An 1 fhreagra is fearr** | **30** |
|---|---|---|

**Ceist 8** **30**

**2(3)**

(a) (i) *Cá ndéantar torthaí iniúchta a thuairisciú agus a fhoilsiú de ghnáth?*

Iris eolaíochta **<u>nó</u>** suíomh gréasáin eolaíochta **3**

(ii) *Mínigh tábhacht an roghnaithe randamaigh i ndearadh turgnamh:*

Laghdaíonn sé claontacht **<u>nó</u>** méadaíonn iontaofacht **<u>nó</u>** cothrom (tástáil) **3**

| C8 (a) (i) – (ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) (i) 1. *Cén t-imoibreán nó ceimiceáin a d'úsáid tú chun a thástáil cé acu a bhí próitéin i láthair?*
*Dé-úiréit (imoibrí) (nó sulfáit chopair ($CuSO_4$) agus hiodrocsaíd sóidiam (NaOH)) **3**

2. *Cén dath a léiríonn go bhfuil próitéin i láthair i sampla bia?*
*Corcra (nó líolóige nó vialait nó corcairghorm) **3**

(ii) 1. *Cén fáth ar mhionghearr tú an fíochán?*
Leis na cillbhallaí a bhriseadh (nó le briseadh isteach orthu) **<u>nó</u>** chun ligean don chíteaplasma sceitheadh amach **<u>nó</u>** chun an t-achar dromchla a mhéadú **3**

2. *Cén fáth ar chuir tú salann leis an bhfíochán mionghearrtha?*
Chun go mbaileodh an ADN (DNA) le chéile **<u>nó</u>** chun an ADN (DNA) a chosaint (mar sciath) ón bpróitéin **3**

3. *Cén fáth ar chuir tú leacht níocháin leis an bhfíochán mionghearrtha agus salann?*
Briseann scannáin síos (cillscannáin nó scannáin núicléacha) **<u>nó</u>** chun ADN (DNA) a scaoileadh (nó a shaoradh) ón núicléas (laistigh den chill) **3**

4. *Déan cur síos ar an gcaoi ar scoiteadh an ADN (DNA) ansin:*
Fuarú / cumasc ar feadh 3 shoicind/ scagaire (tuaslagán) / (cuir leis) próitéáis (nó próitéáis ainmnithe) / cuir eatánól leis / conas a chuirtear (eatánól) leis / déantar an ADN (DNA) a dheascadh **<u>nó</u>**
tá ADN (DNA) le feiceáil **<u>nó</u>** baintear an ADN (DNA) ***Trí cinn ar bith*** **3(3)**

| C8 (b) (i) – (iii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

**Ceist 9** **30**

**2(3)**

(a) (i) *Cad is brí le dínádúrúchán einsíme?*

Láthair ghníomhach scriosta **nó** cailliúint crutha **nó** cailliúint feidhme **3**

(ii) *Seachas teocht, tabhair cúinse **amháin** a dhéanfaidh dínádúrúchán ar einsím:*

pH (mí-oiriúnach) **nó** suaitheadh **nó** eatánól **nó** radaíocht **3**

| C9 (a) (i) – (ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) *Dínádúrú teasa ar einsím **ainmnithe**:* ***Caithfidh na freagraí einsím ainmnithe a mheaitseáil***

(i) *Déan cur síos ar an gcaoi ar caitheadh leis an einsím in:*

*Tástáil:* Bruite (nó téite go dtí os cionn 60$^{o}$ C) **3**

*Cóimheastóir:* Gan a bheith bruite (nó gan a théamh go láidir) **3**

(ii) *Déan comparáid idir na torthaí:*

*Tástáil:* Gan aon ghníomhaíocht **nó** gan cúr (nó boilgeoga) **nó** dubh-ghorm **3**

*Cóimheastóir* Ardleibhéal gníomhaíochta **nó** cúr (nó boilgeoga) a tháirgtear **nó** gan aon dubh-ghorm **3**

*Éifeacht na teochta ar ráta einsím **ainmnithe**:*

(iii) *Conas a thomhais tú ráta gníomhaíochta na heinsíme?*

*Cataláis:* airde (nó toirt nó méid) cúir (nó boilgeog)

*Aimileáis:* an dath dúghorm ag imeacht as radharc

*Peipsin:* dath corca nó vialaite imithe as **3**

in aghaidh an nóiméid (nó in aghaidh an aonaid ama nó ama a thógtar chun athrú a dhéanamh) **3**

(iv) *Cuir lipéid ar na haiseanna thíos **agus** tarraing cuar chun a léiriú conas a athraíonn ráta gníomhaíochta einsíme de réir na teochta:*

*Aiseanna:* ***x:*** Teocht (°C) agus ***y:*** Ráta (nó léiriú ama) **3**

*Plota:* Cuar ag ardú agus ag titim **3**

| C9 (b) (i) – (iii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

**Ceist 10** **30**

**2(3)**

(a) (i) *An orgánach aoncheallach nó ilcheallach é giosta duille?*
*Aoncheallach **3**

(ii) *Ainmnigh an cineál atáirgthe ghnéasaigh a tharlaíonn sa ghiosta:*
*Bachlú **3**
***Tugadh marcanna do chuid (a) (ii) d'iarrthóirí a bhí ag freagairt i nGaeilge agus a rinne iarracht cuid ar bith de Cheist 10 a fhreagairt. Ní hionann an cheist seo agus an ceann a bhí sa leagan Béarla den scrúdpháipéar agus theastaigh eolas ina leith ar ábhar nach féidir a scrúdú. Is ionann an freagra atá curtha ar fáil anseo agus an freagra ar atáirgeadh éighnéasach i ngiosta.***

| C10 (a) (i) – (ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) *Fás giosta duille:*

(i) *Cén cuspóir atá leis an mbraich ar na plátaí sin?*
Bia (nó cothaithigh) **3**

(ii) *Cén fáth a raibh íochtar an duille in éadan an agair?*
Maireann giosta duille den chuid is mó ar an dromchla faoin dromchla **nó** níos mó giosta ar an taobh íochtair **nó** ionas go bhféadfadh giosta titim ar an agar **3**

(iii) *Cén cuspóir atá le pláta **A** san iniúchadh sin?*
Cóimheastóir (nó cur síos air) **nó** chun comparáid a dhéanamh leis na torthaí **3**

(iv) *Déan cur síos ar dhath na gcoilíneachtaí giosta duille ar phláta **B**:*
Bándearg (nó dearg) **3**

(v) *Mol cúis **amháin** leis an difear sna torthaí idir pláta **B** agus pláta **C**:*
(Níos mó) truaillithe san aer uirbeach **nó** níos lú truaillithe san aer tuaithe **nó** cur síos air (deatach / dé-ocsaíd sulfair / ceimiceáin dhíobhálacha) **3**

(vi) *Déan cur síos ar **dhá** theicníc aiseipteacha a cuireadh i gcrích san iniúchadh sin chun nach bhfásfadh miocróib eile:*
Cuimil an dromchla le dífhabhtán (nó antaiseipteán nó alcól nó ceann ainmnithe) / oscailt plátaí a laghad is féidir nó séalaigh na plátaí / cuir lasair leis (nó steiriligh) an trealamh / caith lámhainní **nó** bain úsáid as díghalrán lámh **nó** nigh na lámha le gallúnach / coinnigh an doire Bunsen ar lasadh (in aice láimhe) **2(3)**
***Dhá cheann ar bith***




(vii) *Luaigh modh diúscartha ceart **amháin** do na plátaí seo:*
Sáithithe i ndífhabhtán (nó dífhabhtán ainmnithe) **nó** uathchlábhaithe (***ceadaigh*** brúbhruthaire) **nó** mála bithghuaise **3**

| C10 (b) (i) – (vii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

| **Roinn C** | **Na 3 fhreagra is fearr** | **3(60)** |
|---|---|---|

**Ceist 11** **60**

(a) (i) *Tarraing pirimid uimhreacha:*

 **nó**  **nó**  **3**

Orgánach ceart ag gach leibhéal trófach ***Caithfidh bainne bó bleacht a bheith ag an mbun*** **3**

(ii) *Tabhair teorainn **amháin** a bhaineann le pirimidí uimhreacha a úsáid:*

Ní chuireann méid (nó mais) orgánach san áireamh **nó** deacair a tharraingt de réir scála **nó** féadfar iad a inbhéartú **nó** ní féidir méid roinnt pobal a mheas **3**

| C11 (a) (i - ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 |

(b) (i) *Mol buntáiste **amháin** a bhaineann le baineannaigh bheith ag breith i dtús an tsamhraidh seachas san earrach:*

Níos mó bia (feithidí) (d'ialtóga chun a sliocht a bheathú) **nó** níos teo **nó** tréimhse iompair níos faide **nó** pointe ábhartha eile **3**

(ii) *Ainmnigh **agus** mínigh gníomhaíocht **amháin** an duine a théann i bhfeidhm ar phobail ialtóg na hÉireann:*

*Ainm:* Forbairt (tógáil nó cur isteach) **nó (**úsáid a bhaintear as) lotnaidicídí **nó** moladh réasúnach eile **nó** boscaí ialtóg a thógáil **nó** cleachtas caomhnaithe ainmnithe eile **3**

*Mínigh:*

*Forbairt:* (Laghdaítear (nó íslítear) pobal na n-ialtóg mar gheall ar) níos lú suíomhanna fara (nó neadaithe) **nó** róthorannach **nó** tionchar bailí ar bith **nó**

*Lotnaidicídí:* (Laghdaítear (nó íslítear) pobal na n-ialtóg mar gheall ar) nimhiú ialtóg **nó** ( mar gheall ar) nimhiú creiche (nó níos lú bia) **nó** tionchar bailí ar bith **nó**

*Caomhnú:* (Méadú ar phobal na n-ialtóg mar gheall ar) gníomhaíocht caomhnaithe mínithe **3**

(iii) *Sceitseáil agus lipéadaigh graf caidrimh chreachadóra-chreiche:*

*Aiseanna:* Am ar ais chothrománach agus Pobal (líon) ar ais ingearach **3**

*Graf:* Dhá chuar le timthriall athfhillteach á léiriú **3**

Ialtóg (creachadóir) ag taispeáint beanna níos ísle agus cuar creachadóra ag taispeáint aga moille **3**

(iv) *Ainmnigh cineál **amháin** oiriúnaithe atá riachtanach chun go mairfeadh orgánaigh:*

Struchtúrach **nó** iompraíochta **nó** iomaíoch **3**

(v) *Tabhair **dhá** oiriúnú atá ag na hialtóga:*

An geimhreadh a chodladh / oíche / codladh bun os cionn / aiste bia éagsúil / is féidir leo eitilt / aimsigh ó mhacalla a úsáid / cnámha éadroma (nó caola) / géaga scamallacha / inteirmeach / fionnadh acu / aon sampla bailí a thugtar

***Dhá cheann ar bith*** **2(3)**

| C11 (b) (i - v) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 | 27 |

**Ceist 11** (ar lean)

(c) (i) *Cad is brí le caomhnú speiceas?*

Bainistíocht (nó caomhnú nó cosaint) orgánach (nó a ngnáthóga nó a dtimpeallachtaí nó a n-éiceachóras) **3**

(ii) *Ainmnigh cleachtas **amháin** caomhnaithe sa talmhaíocht **nó** san iascach **nó** san fhoraoiseacht **agus** déan cur síos air:*

*Talmhaíocht:* Feirmeoireacht mheasctha **nó** uainíocht na mbarr **nó** rialuithe bitheolaíocha **nó** ag scaipeadh sciodair (nó leasachán) i gceart **nó** úsáid cheart luibhicídí (nó lotnaidicídí) **nó** bainc ghéinte

**nó**

*Iascaigh:* Méid mór mogalra **nó** cuótaí **nó** ag athstocáil **nó** ag filleadh an chuid atá óg

**nó**

*Foraoiseacht:* Athphlandáil **nó** meascán buaircíneach leathanduilleach

**nó**

Aon sampla bailí **3**

Cur síos ceart ar an gcleachtas **nó** pointe leathnaithe curtha leis **3**

(iii) 1. *Mol buntáiste **amháin** a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh ar phobail ainmhithe:*

Monatóireacht (nó imscrúdú) a dhéanamh ar athruithe **nó** bithéagsúlacht **nó** tionchar an duine **nó** chun speicis a chosc (a chosaint) ó dhul in éag **3**

2. *Déan cur síos ar na céimeanna a glacadh chun pobal speiceas ainmhí ainmnithe a mheas:*

Ainmhí ainmnithe ***Caithfidh ainmhí an modh thíos a mheaitseáil*** **3**

*Le haghaidh ainmhithe a bhogadh:*

Gafa (nó conas a gabhadh é) /
marcáilte (nó conas a marcáladh é) /
